Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2019**
**(OR. en)**

**13092/19**

**ELARG 47**
**CFSP/PESC 788**
**RELEX 924**
**NT 12**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13058/19, 13059/19 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Gníomhaíochtaí Druileála Neamhdhleathacha na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le gníomhaíochtaí druileála neamhdhleathacha na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir mar a ghlac an Chomhairle (Gnóthaí Eachtracha) iad an 14 Deireadh Fómhair 2019.

## AN CHOMHAIRLE GNÓTHAÍ EACHTRACHA

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE maidir le Gníomhaíochtaí Druileála Neamhdhleathacha na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir

I bhfianaise na ngníomhaíochtaí druileála neamhdhleathacha atá fós ar siúl ag an Tuirc sa Mheánmhuir Thoir, athdhearbhaíonn an Chomhairle a dlúthpháirtíocht iomlán leis an gCipir a mhéid a bhaineann lena ceannasacht agus a cearta ceannasacha a urramú i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Meabhraítear don Chomhairle na codanna uile de chonclúidí an 15 Iúil uaithi, agus go háirithe gur cheart aghaidh a thabhairt ar an teorannú ar limistéir eacnamaíocha eisiacha agus ar an scairbh ilchríochach trí idirphlé agus trí chaibidlíocht a dhéanamh de mheon macánta, agus an dlí idirnáisiúnta á urramú go hiomlán agus i gcomhréir le prionsabal an dea-chaidrimh idir comharsana.

Aontaíonn an Chomhairle go gcuirfear i bhfeidhm creatchóras de bhearta sriantacha bunaithe ar obair ullmhúcháin a rinneadh cheana féin, creatchóras a bheidh dírithe ar dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha atá freagrach as gníomhaíocht druileála neamhdhleathach na hidreacarbón sa Mheánmhuir Thoir nó a bhfuil lámh acu inti, agus iarrann sí ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún tograí a thíolacadh chuige sin go pras.